

16.11.2023

A9-0319/450

Leasú 450
Delara Burkhardt
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 6a

Pacáistíocht thámh

Faoin 1 Eanáir 2029, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nuair is gá chun déileáil le haon deacrachtaí le linn forálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm, go háirithe, maidir le hábhair phacáistíochta thámha a chuirtear ar an margadh. cainníochtaí an-bheag (i.e. tuairim is 0,1 % de réir meáchain) san Aontas.

Ní bheidh feidhm ag oibleagáidí faoi Airteagal 6 i gcás pacáistíocht den chineál seo go dtí go nglacfar na gníomhartha tarmligthe sin.

Or. en

16.11.2023

A9-0319/451

Leasú 451
Delara Burkhardt
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

11 a. Faoi 31 Nollaig 2025, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar an bhféidearthacht spriocanna a leagan síos i gcás úsáid bunábhair phlaistigh bithbhunaithe.

I gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, tiolacfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) spriocanna chun bunábhar plaisteach bithbhunaithe a úsáid i bpacáistíocht;

(b) ceanglais inbhuanaitheachta chun go mbeidh bunábhar plaisteach bithbhunaithe incháilithe chun cur leis na spriocanna, ag féachaint do na critéir inbhuanaithe láithreacha a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.

Or. en

16.11.2023A9-0319/452

Leasú 452
Delara Burkhardt
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

6 a. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ón oibleagáid faoi mhír 3a(a) agus faoi mhír 3b(a) má tá an ráta athchúrsála arna thuairisciú ag na Ballstáit don Choimisiún faoi Airteagal 50(2), pointe (c) os cionn 85% de réir meáchain an ábhair phacáistíochta sin a cuireadh ar mhargadh an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027.

Or. en